C/2023/597

30.10.2023

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2023/597)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Campo de Calatrava'

PDO-ES-02870

Dáta cur i bhfeidhm: 7.10.2022

1. **Ainm an táirge**

Campo de Calatrava

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

1. *Fíonta geala agus rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn na fíonta geala geal agus bíonn toin idir buí agus ómra iontu, agus bíonn raon de thoin bhándearga sna fíonta rosé, ó ghorm/vialait go dath craiceann oinniúin nó dath an bhradáin. Bíonn dea-bholaithe príomha uathu (torthaí bána, torthaí trópaiceacha, bláthanna bána, torthaí citris) agus d'fhéadfadh dea-bholaithe mianra agus/nó dea-bholaithe tánaisteacha (giosta) a bheith uathu freisin. Bíonn dea-bholaithe treasacha ó na fíonta a choiptear i mbairillí (mionbhlasanna tóstáilte nó adhmadacha, etc.), idir meándéine agus ard-déine. I dtéarmaí blais, bíonn siad cothrom nó gabhann beagán aigéadachta, milseachta, crapthachta nó searbhais leo. Bíonn an t-iarbhlas meánach go fada, le dea-bholaithe treasacha i gcúl na sróine i gcás fíonta a choiptear nó a aosaítear i mbairillí.

(*) Ní mór an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10.5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	8,33
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	140

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

2. *Fíon dearg óg clasaiceach a choiptear i mbairillí*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta glana geala ina mbíonn raon scáileanna dearga ach nach dtéann chomh fada le toin oráiste, de mheándéine nó de mheándéine ard. Meándéine go hard-déine óna dtagann dea-bholaithe príomha a d'fhéadfadh a bheith bláthach, torthaíoch, spíosrach agus/nó coipthe, agus d'fhéadfadh mionbhlasanna mianracha a bheith ann freisin. Aigéadacht, crapthacht agus olar meánach, agus iarbhlas lena ngabhann dea-bholaithe príomha agus/nó tánaisteacha agus imireacha d'adhmad tóstáilte sna fíonta a choiptear i mbairillí.

(*) Ní mór an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	12.0
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	8,33
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	130

3. *Fíon Roble [Fíon ó bhairillí darach]*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta glana geala ina mbíonn meándéine nó meándéine ard datha, le raon scáileanna dearga ach nach dtéann chomh fada le toin oráiste. Dea-bholaithe torthaí dearga/dubha, le mionbhlasanna spíosracha ina bhfuil ceann amháin de na catagóirí dea-bholaidh seo a leanas ar a laghad: torthaí triomaithe, tóstáilte, balsamach, mianrach agus/nó spíosrach. Blas cothrom lena ngabhann beagán aigéadachta, milseachta, crapthachta nó searbhais, tathag measartha nó measartha-ard, agus iarbhlas measartha nó fada.

(*) Ní mór an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	12.0
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	10.00
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	130

4. *Fíonta Crianza, Reserva agus Gran Reserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta glana a bhfuil meándéine nó ard-déine datha iontu. Tá raon scáileanna dearga iontu, agus d'fhéadfadh toin ócair/dhonna a bheith iontu, Dea-bholaithe de mheándéine nó de mheándéine ard ina mbraitear mionbhlasanna torthaí dearga/dubha agus/nó torthaí suibhe. Dhá dhea-bholadh ar a laghad i gcás fhíonta Crianza agus trí dhea-

bholadh ar a laghad i bhfíonta Reserva agus Gran Reserva, ó na catagóirí dea-bholaidh seo a leanas - torthaí triomaithe, tóstáilte, balsamach, mianrach agus/nó spíosrach. Tá blas aigéadach orthu agus tathag measartha iontu, mar aon le seasmhacht mheasartha nó fhada agus tainniní measartha nó arda.

* Ní mór an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar amach i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

** Féadfaidh uasteorainn na aigéadachta luainí méadú 1 meq/l in aghaidh gach céime alcóil os cionn 12 % de réir toirte agus bhliain an aosaithe, suas le 20 meq/l ar a mhéad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	12.0
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	12.5
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta gléineacha, ó mheathbhán go hórga (fíonta geala) agus ó bhándearg éadrom go diandearg cairmín (fíonta rosé). Bolgáin mhíne a mhaireann go fada. Glan, agus dea-bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha agus/nó mianracha uathu. Leathan, cothrom. Meánaigéadacht nó aigéadacht ard.

* Ní mór an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10.5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	5.5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	11.66
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	160

6. *Fíon ó fhíonchaora ró-aibí*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Raon scáileanna dearga, ó chaordhearg go donnrua, agus d'fhéadfadh toin ócair agus/nó dhonna a bheith iontu, nó fiú iaidín agus/nó ómra. Tá dea-bholaithe torthaí suibhe, tóstáilte agus spíosracha ón bhfíon, i measc eile. Tathag, seasmhacht mheasartha nó fhada, agus olar measartha nó ard, lena ngabhann beagán milseachta leis.

* Ní mór an neart alcóil iomlán uasta de réir toirte a bheith laistigh de na teorainneacha dlíthiúla a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	16,0
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4.0 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20.00
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	200

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíon eolaíocha shonracha*

Cuirtear brúnna níos lú ná 2.5 kg/cm² i bhfeidhm agus an marc á fháscadh, lena dtáirgtear uastáirgeacht fíona (an méid iomlán fíona a brúdh agus a fáscadh) de 74 lítir in aghaidh 100 kg d'ábhar buainte.

Táirgtear fíonta geala trí na triopaill a bhrú, nuair atá siad scartha ón ngas agus gan an marc, agus iad a choipeadh ar feadh na tréimhse ama is gá ag uasteocht 25 °C.

Le haghaidh fíonta rosé a tháirgeadh, baintear na gais ó na triopaill agus ansin déantar na triopaill a bhrú, déantar na húrfhíonta agus na craicne a mhaothú ar feadh na tréimhse is gá chun an dath saintréitheach a fháil ag teocht níos lú ná 22 °C.

Le haghaidh fíonta dearga a tháirgeadh, déantar na fíonchaora a bhrú agus na gais a bhaint uathu, ansin déantar na húrfhíonta a choipeadh in éineacht leis na craicne ar feadh na tréimhse ama is gá chun an dath íosta a fháil. Tógann an próiseas sin 3 lá ar a laghad, agus bíonn uasteocht coipthe 25 °C i gceist leis. Le haghaidh fíonta clasaiceacha agus na fíonta sin a ndéantar as fíonchaora ró-aibí, is é 28 °C an uasteocht coipthe. Le haghaidh fhíonta Crianza, Reserva agus Gran Reserva, is é 30 °C an uasteocht coipthe.

I gcás fíon ó fhíonchaora ró-aibí, an íostréimhse aosaithe is ea 8 mbliana i mbairillí darach ag a bhfuil toilleadh idir 225 lítir agus 500 lítir.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíniúnacha a threoraítear ina gcuacha

   10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

   74 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíniúnacha treilíse

   13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

   96.2 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

I gcúige Ciudad Real, na bardais a leanas ina n-iomláine:

Aldea del Rey, Almagro, Argamasilla de Calatrava, Ballesteros de Calatrava, Bolaños de Calatrava, Calzada de Calatrava, Cañada de Calatrava, Carrión de Calatrava, Granátula de Calatrava, Miguelturra, Moral de Calatrava, Pozuelo de Calatrava, Torralba de Calatrava, Valenzuela de Calatrava, Villanueva de San Carlos, Villar del Pozo.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaor**

AIRÉN

ALBARIÑO

BOBAL

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA TINTORERA

GEWÜRZTRAMINER

GRACIANO

MACABEO - VIURA

MALBEC

MERLOT

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PETIT VERDOT

RIESLING

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO - CENCIBEL

VERDEJO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Tosca nádúrtha*

Tá Campo de Calatrava suite in oirdheisceart Mhasaíf na hIbéire, i bhfo-réigiún na Meánmhara Thiar, i ngar d'fhorimill na Sléibhte Baetic. Is é sin an limistéar is suntasaí ina raibh gníomhaíocht bholcánach le déanaí i Leithinis na hIbéire.

Tháinig magma go dtí an dromchla trí bhreis agus 240 bolcán sa réigiún, thar aon ní eile trí na neamhrialtachtaí agus bristeacha san fhoshraith.

I dtéarmaí tírdhreacha, is ceantar cnocach é Campo de Calatrava ina bhfuil limistéir arda fada réidhe ar airdí idir 700 agus 900 méadar, mar aon le machairí beaga atá thart ar 630-650 méadar os cionn leibhéal na mara.

Is mó an méid radaíochta gréine a ionsúnn dath dorcha ithreacha Campo de Calatrava, rud is cúis le teocht níos airde agus ithreacha lena dtacaítear le forbairt luath na bhfiniúnacha ón taobh agranamaíoch de.

Fuarthas samplaí de thrasghearrthacha ina raibh leibhéal níos mó clochachta i sraith na barrithreach, a thugtar faoi deara, sa chuid is mo de na cásanna, sna tuairiscí orthu. Is fachtóir suaithinseach é an tsaintréith sin i bhforbairt agus margú na bhfíonta (Pérez-de-los-Reyes et al., 2020).

Tá an cóimheas C/N thart ar 12, lena léirítear luachanna cáilíochta ithreach tábhachtacha (Navarro, 2000).

Ba cheart an acmhainn malartaithe caitian (CEC) a bheith os cionn 8-10 cmol +/kg ionas go mbraithfí ithir a bheith oiriúnach le haghaidh saothraithe (Porta et al., 1999). Sáraítear an luach sin leis na sraitheanna barrithreach ar a ndearnadh anailís (idir 14.3 agus 39.8 cmol +kg).

Meánchion na ndúile is fíor-riachtanaí le haghaidh fíniúnacha i sraitheanna na barrithreach, amhail cailciam (Ca), tá sé íseal i gcomparáid leis na meánluachanna le haghaidh Castile-La Mancha agus na meánluachanna ar fud an domhain (88.9 g·kg-1, i gcomparáid le 301.0 g·kg-1). Tá leibhéal ard potaisiam (K) iontu áfach (20.3 g kg-1, i gcomparáid le 15.4 g kg-1).

Tá an cion sulfair (S) i bhfad faoi bhun an mheánluacha le haghaidh ithreacha Manchegan (0.6 g kg-1 i gcomparáid le 2.4 g· kg-1).

Tá an cion mangainéise (Mn) (0.7 g kg-1) os cionn an mheánluacha in Castile-La Mancha (0.4 g·kg-1), mar a bheadh coinne leis i limistéar bolcánach Campo de Calatrava (Amorós et al., 2018).

Tá an dúil tromlaigh, Iarann (Fe) (38 g·kg-1), agus na riandúile, amhail Sinc (Zn) (59.7 mg·kg-1), ina gcothaithigh fhíor-riachtanacha d'fhíniúnacha agus tomhaistear iad ar leibhéil leordhóthanacha (Marschner, 2012), agus tuairiscíodh leibhéil os cionn an mheáin do Castile-La Mancha (25.6 g·kg-1 agus 35.7 mg·kg-1 faoi seach).

Léirítear leis an gcóimheas Ti/Zr fíor-chomhsheasmhach sna hithreacha uile ar a ndearnadh tástáil nach bhfuil aon neamhleanúnachas liteolaíoch sa limistéar ar a ndearnadh staidéar (García-Navarro et al., 2011).

Faightear na dúile V, Cr, Co, Ce, Nd, Ni agus Nb ar leibhéil i bhfad níos airde in ithreacha Campo de Calatrava, i gcomparáid le staidéir agus meánleibhéil in Castile-La Mancha agus ar fud an domhain. Tá láithreacht agus cion na ndúile sin sa limistéar táirgeachta ina bhfianaise ar a mhéarlorg geoiceimiceach uathúil.

Tá an leibhéal nicile ina dhíol suntais go háirithe, mar tá sé beagnach dhá oiread an mheánleibhéil ar fud an domhain agus níos mó ná trí oiread an mheánleibhéil in Castile-La Mancha. Ní mar gheall ar thruailliú antrapach a tharlaíonn sé sin, ach de thoradh chúlra geoiceimiceach an limistéir.

Ciallaíonn suíomh Campo de Calatrava idir Montes de Toledo agus sléibhte Sierra Morena nach bhfuil ach fíor-bheagán scamall ann. Tá éifeacht Foehn ina chúis le báisteach íseal sa réigiún, ar éigean ag sroicheadh 400 mm in aghaidh na bliana.

Mar gheall go bhfuil formhór mór an limistéir táirgthe críochaithe i bhfoirm machairí, conairí agus gleannta idir sléibhte, faigheann sé os cionn 2 800 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana.

8.2. *Tosca daonna*

Saothraíonn saothróirí fíona Campo de Calatrava réimse leathan cineálacha fíona, mar gheall ar shaintréithe an limistéir táirgthe agus na cleachtais fáis. Nochtadh i suirbhéanna saintréithrithe peideolaíocha éagsúlacht mhór i gcineálacha ithreach, a thugann neart raon do chineálacha difriúla fíona bheith faoi bhláth.

Tá aithne ar limistéar Campo de Calatrava mar gheall ar bharra saintréitheacha áirithe, le fíniúnacha agus barra olóige mar mheascán tipiciúil ('ATFC Aceite Campo de Calatrava'). Mar gheall ar a riachtanais ísle uisce agus oiriúnú don chríoch, chomh maith le srianta diana ar sholáthairtí uisce, tá roinnt mhaith fíonghort neamhuiscithe forbartha sa limistéar seo.

Tá cuach-threorú traidisiúnta fíniúnacha sa limistéar táirgthe mar fhreagairt go páirteach ar na srianta sin agus is é an dea-chleachtas i gcoinníollacha neamhuiscithe é go ginearálta freisin. Tá na cleachtais sin maidir le treorú finiúnacha tipiciúil i bhfíonghoirt Airén agus Cencibel.

I dtáirgeadh roinnt fíonta, úsáidtear gabhdáin darach le huastoilleadh 600 lítear i gcomhair aosaithe agus coipthe. Coiptear roinnt cineálacha fíona in umair earraí cré, ceirmeacha agus/nó coincréite.

Tá fianaise ann go raibh fíon in Campo de Calatrava ón tréimhse prótastaire. Mar shampla, fuarthas iarsmaí de chuacha fíona i dtochailtí ag suíomh seandálaíochta La Encantada, ón gCré-umhaois.

Tá sé tábhachtach bunús eitimeolaíoch ainm an limistéir táirgthe a chur i dtábhacht. Sa bhliain 1 147 AD, cuireadh baile Qalat-at-Rabat (Calatrava) faoi smacht. Cuireadh Raimundo Serra (ab Fitero) as Ord Calatrava i gceannas ar a chosaint. Thug Ord Calatrava talamh d'fheirmeoirí chun fíniúnacha a tugadh isteach agus a rialaíodh faoi Ord na gCistéirseach a shaothrú, Cistéirsigh a bhí ina saineolaithe ag táirgeadh fíonta den scoth cheana féin.

8.3. *Faisnéis maidir le cáilíocht nó saintréithe an fhíona atá ann de bharr an chomhshaoil gheografaigh go bunúsach nó go heisiach.*

Saintréithe sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol geografach:

1. Fíonta

— Bíonn dea-bholaithe príomha uathu (torthaí bána, torthaí trópaiceacha, bláthanna bána, torthaí citris) i bhfíonta bána agus rosé. Le dea-bholadh bláthach agus/nó torthaíoch i bhfíonta dearga. Bíonn torthaí dearga/dubha agus/nó torthaí stofa agus/nó spíosraithe sna fíonta atá fágtha.

— Bíonn comhpháirteanna mianracha ann atá uathúil agus sainiúil

— D'fhéadfadh mionbhlasanna mianra a bheith uathu

— Fíonta cothromaithe, struchtúrtha agus úra

— Neart alcóil ard agus déine datha.

2. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

— Glan, agus dea-bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha agus/nó mianracha uathu.

— Bíonn comhpháirteanna mianracha ann atá uathúil agus sainiúil

— Fíonta cothromaithe, struchtúrtha agus úra

3. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

— Cuma, de thorthaí stofa, tóstáilte agus spíosraithe ar a laghad.

— Bíonn comhpháirteanna mianracha ann atá uathúil agus sainiúil

— Neart alcóil ard.

8.4. *Nasc idir saintréithe an limistéir gheografaigh agus cáilíocht an fhíona*.

1. Fíonta

Tá réimse leathan bolaithe i bhfíonta 'Campo de Calatrava', arna n-éascú ag tíopeolaíocht ithreach shaibhir arna léiriú i staidéir agus tionchar bhunús bolcánach an limistéir. Feabhsaíonn saibhreas cineáil an raon bolaithe agus tuairisceoirí a chuireann le castacht na bhfíonta. Tá na hithreacha dorcha ina gcúis le haibiú níos luaithe, agus dá bharr sin is féidir timthriall aibithe na dtorthaí a fhadú. Spreagann agus breisíonn an méid sin, chomh maith le hardleibhéil ghréine agus na hardleibhéil photaisiam, atá fíor-riachtanach le haghaidh cothú ceart fíniúnacha agus fíonchaora cáilíochta a tháirgeadh, castacht aramatach.

Cuireann lorg geoiceimiceach Campo de Calatrava, a bhfuil tionchar ag a chomhthéacs bolcánach air, comhpháirteanna mianracha uathúla agus sainiúla ar fáil. Léiríonn láithreacht eisiach eilimintí mianracha bolcánacha amhail Mn agus Ni agus comhchruinnithe uathúla V, Cr, Co, Ce, Nd agus Nb tionchar díreach an chúlra gheoiceimicigh.

Ceadaíonn na coinníollacha ithreacha agus aeráide dá dtugtar tuairisc an fhéidearthacht go mbeadh mionbhlasanna mianracha le feiceáil i sainmhíniú saintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta ón limistéar táirgthe a chumhdaítear.

Le clochacht ard agus uigeacht chrédhúrabhán, mar gheall ar na coinníollacha optamacha chun fíniúnacha a shaothrú sa limistéar, is féidir fíonta cothromaithe, struchtúrtha agus úra a bhaint amach.

Is féidir próiseas aibithe na bhfíonchaor a fhadú de bharr láithreacht ithreacha a chuireann aibiú luath chun cinn, mar aon leis na coinníollacha uisce dá dtugtar tuairisc thuas. Dá thoradh seo, bíonn comhchruinnithe níos mó de na comhdhamhnaí atá freagrach as neart alcóil ard agus déine datha. Atreisíonn comhdhéanamh cothaitheach a chuidíonn leis na fíniúnacha seachas iad a theorannú na saintréithe sin, chomh maith le hardlíon uaireanta an chloig gréine sa limistéar táirgthe.

2. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Tá réimse leathan bolaithe uathu, arna n-éascú ag tíopeolaíocht ithreach shaibhir, arna léiriú sna staidéir, agus tionchar bhunús bolcánach an limistéir.

Cuireann lorg geoiceimiceach Campo de Calatrava, a bhfuil tionchar ag a thírdhreach bolcánach air, comhpháirteanna mianracha uathúla agus sainiúla ar fáil, a léiríonn tionchar díreach an chúlra gheoiceimicigh.

Tá na coinníollacha ithreacha agus aeráide dá dtugtar tuairisc thuas ina gcúis leis an mianracht i bhfíonta an limistéir táirgthe i gceist.

Le clochacht ard agus uigeacht chrédhúrabhán, mar gheall ar na coinníollacha optamacha chun fíniúnacha a shaothrú sa limistéar, is féidir fíonta cothromaithe, struchtúrtha agus úra a bhaint amach.

3. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

Spreagann aeráid uathúil an limistéir táirgthe, le hardleibhéil solais agus teochtaí teo san fhómhar, an ard-ghrianradaíocht le linn na tréimhse aibithe fíonchaor, mar aon le taise measartha íseal agus leibhéil ísle frasaíochta, ró-aibiú fíonchaor. Dá thoradh seo, bíonn fíonta le méid siúcra iarmharaigh níos airde agus ard-déiní aramatacha agus mianracht sa limistéar táirgthe, arna éascú ag a lorg geoiceimiceach bolcánach.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Déantar na fíonta a bhuidéalú sa limistéar táirgthe mar go dtéann cleachtais fíoneolaíochta bhreise leis an bpróiseas sin, scagachán, cobhsú agus ceartúcháin de chineálacha éagsúla a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá saintréithe agus sainiúlachtaí. Le buidéalú laistigh den limistéar táirgthe is féidir rialú díreach a dhéanamh ar an oibríocht pacáistíochta agus seachnaítear rioscaí iompair a d'fhéadfadh a bheith ann amhail ocsaídiú agus strus teasa, a dhéanfadh meath ar shaintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha na bhfíonta agus a mbeadh tionchar acu ar a gcobhsaíocht.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— D'fhéadfaí ainm aonad geografach níos lú aitheanta a bheith ar an lipéad, ar choinníoll go bhfuarthas 100 % de na fíonchaora óna ndearnadh an fíon san aonad sin.

  Sainaithníodh agus críochnaíodh na haonaid gheografacha níos lú a leanas:

  'Casa del Capitán': Polagán 22, dáileachtaí 27 agus 28 in Moral de Calatrava.

  'Casa de Garcibáñez': Polagán 23, dáileachtaí 1, 3 agus 9 in Moral de Calatrava.

  'Carril de las Cubas': Polagán 23, dáileachtaí 56, 57, 58 agus 85 in Miguelturra.

  'Encomienda de Cervera': Polagán 45, dáileachtaí 1, 4, 49, 53, 54, 55, 56, 57, 58, 59, 60, 63, 64 agus 65 in Almagro.

— Féadfar an téarma 'joven' [óg] a fheiceáil ar lipéad na bhfíonta a dhéantar sa bhliain fíona chéanna ina dhéantar iad a lipéadú.

— D'fhéadfaí an téarma 'fermentado en barrica' [coipthe i mbairille] a bheith ann má úsáideadh an cleachtas sin le haghaidh 100 % den fhíon. - D'fhéadfaí an téarma 'parcialmente fermentado en barrica' [coipthe go páirteach i mbairille] a bheith ann más amhlaidh an cás le haghaidh 60 % den fhíon ar a laghad.

— D'fhéadfaí an téarma 'vino blanco envejecido en madera' [fíon bán aosaithe in adhmad] a bheith ann má bhí an fíon i mbairillí darach ar feadh 2 mhí ar a laghad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://pagina.jccm.es/agricul/paginas/comercial-industrial/consejos_new/pliegos/pliego_condiciones_dop_calatrava.pdf